



2024/2152

21.8.2024

CINNEADH (AE) 2024/2152 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Iúil 2024

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach
Phrótacal (2024-2029) maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh
idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde ⁽¹⁾ ('an Comhaontú'), arna fhorghabháil le Rialachán (CE) Uimh. 2027/2006 ón gComhairle ⁽²⁾, i bhfeidhm an 30 Márta 2007. An Prótacal a ghabhann leis, ina leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú, chuaigh sin in éag an 19 Bealtaine 2024.
- (2) An 19 Nollaig 2023 ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraithe an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Cabo Verde chun prótacal nua ('an Prótacal') maidir le chur chun feidhme an Chomhaontaithe a thabhairt i gcrích.
- (3) Tá prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontú chun feidhme caibidlíthe ag an gCoimisiún, thar ceann an Aontais. Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 15 Aibreán 2024.
- (4) Tá sé d'aidhm ag an bPrótacal soithí an Aontais a cheadú a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus cead a thabhairt don Aontas agus do Cabo Verde comhoibriú go dlúth le chéile chun leanúint d'fhorbairt beartais iascaigh inbhuanaithe agus do shaothrú freagrach na hacmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus san Aigéan Indiach a chur chun cinn. Tacaítear leis an gcomhar sin le dálaí oibre cuibhiúla a bhunú in earnáil an iascaigh freisin.
- (5) Leis an bPrótacal, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta do shoithí an Aontais in uiscí Cabo Verde, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil agus i gcomhréir leis na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.
- (7) Ba cheart feidhm a bheith ag an bPrótacal a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus an ghá atá ann an tréimhse ama a chuirfear isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a oiread is féidir.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an bPrótacal ar bhonn sealadach tar éis a shíniú.
- (9) I gcomhréir leis na conarthaí, ba cheart don Choimisiún síniú an Phrótacail a áirithiú, faoi réir a thabhairt i gcrích.
- (10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus thug sé tuairim uaidh an 5 Iúil 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraithear Prótacal (2024-2029) maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde ('an Prótacal') a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail ⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (IO L 414, 30.12.2006, lch. 3).
⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2027/2006 ón gComhairle an 19 Nollaig 2006 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde a thabhairt i gcrích (IO L 414, 30.12.2006, lch. 1).
⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).
⁽⁴⁾ Foilsíodh téacs an Phrótacail IO L, 2024/2151, 21.8.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/prot/2024/2151/oj>.

Airteagal 2

Áiritheoidh an Coimisiún síniú an Phrótacail faoi réir a thabhairt i gcrích.

Airteagal 3

Beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal, i gcomhréir lena Airteagal 17, ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY L.
